**Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 13 Iúil 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék – an Ungáir) – Xella Magyarország Építőanyagipari Kft. v Innovációs és Technológiai Miniszter**

**(Cás C-106/22** [1]**, Xella Magyarország)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Saorghluaiseacht chaipitil – Saoirse bhunaíochta – Rialachán (AE) 2019/452 – Reachtaíocht Ballstáit lena mbunaítear sásra chun infheistíocht eachtrach i gcuideachtaí cónaitheacha a mheastar a bheith 'straitéiseach' a scagadh – Cinneadh arna dhéanamh ar bhonn na reachtaíochta sin, lena gcuirtear cosc ar chuideachta chónaitheach scaireanna uile cuideachta chónaitheach eile a fháil – Cuideachta a fuarthas a mheastar a bheith 'straitéiseach' ar an bhforas go mbaineann a príomhghníomhaíocht le mianadóireacht amhábhar bunúsach áirithe amhail gairbhéal, gaineamh agus cré – Cuideachta éadála a mheastar a bheith ina 'infheisteoir coigríche' ar an bhforas gur cuid de ghrúpa cuideachtaí í a bhfuil a máthairchuideachta bunaithe i dtríú tír – Sárú nó baol sáraithe ar leas Stáit, ar an tslándáil phoiblí nó ar an ord poiblí sa Bhallstát – Cuspóir cinnteacht an tsoláthair amhábhar bunúsach a ráthú don tionscal tógála, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach)***

(2023/C 321/12)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Fővárosi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Xella Magyarország Építőanyagipari Kft.

*Cosantóir:* Innovációs és Technológiai Miniszter

*Idiragraithe:* 'JANES ÉS TÁRSA' Szállítmányozó, Kereskedelmi és Vendéglátó Kft.

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le forálacha CFAE a bhaineann le saoirse bhunaíochta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar shásra scagtha infheistíochta eachtraí dá bhforáiltear i reachtaíocht Ballstáit trína bhféadfar cuideachta chónaitheach atá ina comhalta de ghrúpa cuideachtaí atá bunaithe i roinnt Ballstát, a bhfuil tionchar cinntitheach ag gnóthas tríú tír uirthi, a thoirmeasc ó úinéireacht a fháil ar chuideachta chónaitheach eile a mheastar a bheith straitéiseach, ar an bhforas go ndéanann an éadáil díobháil don leas náisiúnta nó go bhfuil baol ann go ndéanfadh an éadáil dochar don leas náisiúnta chun slándáil an tsoláthair a áirithiú d'earnáil na foirgníochta, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, i ndáil le hamhábhair bhunúsacha amhail gairbhéal, gaineamh agus cré.

(1) IO C 207, 23.5.2022.

---

**Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 13 Iúil 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesarbeitsgericht – an Ghearmáinis) – MO v SM i gcáil leachtaitheoir ar G GmbH**

**(Cás C-134/22** [1]**, G GmbH)**

***((Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Comhiomarcaíochtaí – Treoir 98/59/CE – Faisnéis agus comhairliúchán – An dara fomhír d'Airteagal 2(3) – Oibleagáid atá de dhualgas ar an bhfostóir a bheartaíonn ar chomhiomarcaíochta dhéanamh cóip den fhaisnéis a cuireadh in iúl d'ionadaithe na n-oibrithe a chur ar aghaidh chuig an údarás poiblí inniúil – Cuspóir – Na hiarmhairtí a ghabhann le mainneachtain an oibleagáid sin a chomhlíonadh)***

(2023/C 321/13)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesarbeitsgericht